



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14458/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0246(NLE)

FISC 196
ECOFIN 1139

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Deireadh Fómhair 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 447 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 447 final.

Faoi iamh: COM(2024) 447 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 447 final

2024/0246 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle lena n-údaráítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha¹ (dá ngairtear ‘an Treoir maidir le CBL’ anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d’aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 11 Aibreán 2024, d’iarr Poblacht na hIodáile údarú chun leanúint den mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL chun bheith in ann leanúint de ríomhshonrascadh sainordaitheach a fhorchur. Rachaidh an maolú atá ann faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2024. I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 12 Meán Fómhair 2024 maidir leis an iarraidh a rinne Poblacht na hIodáile. Le litir dar dáta an 13 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún in iúl do Phoblacht na hIodáile go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593², thug Poblacht na hIodáile córas ginearálaithe ríomhshonrascatha shainordaitheigh isteach, *Sistema di Interscambio* (SdI), i gcomhréir freisin leis an Moladh ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le Clár Náisiúnta 2017 na hIodáile um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2017 na hIodáile³. Cuireadh síneadh leis an mbeart sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2251⁴, cinneadh lenar áiríodh, faoi raon feidhme an bhirt, daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine le haghaidh fiontair bheaga dá dtagraítear in Airteagal 282 den Treoir maidir le CBL.

Maidir leis an mbeart sin, a bhfuil sé d’aidhm aige calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac, bailiú cánach a dhéanamh níos éifeachtúla agus táirgeadh na hIodáile a nuachóiriú, agus ar an gcaoi sin costais riaracháin do ghnólachtaí a laghdú, áitíonn an Iodáil go bhfuil cuspóirí an bhirt bainte amach ina n-iomláine.

Maidir leis an gcomhrac i gcoinne calaois CBL agus imghabháil CBL, feabhsaíodh cumais an údarais fhioscaigh leis an mbeart, rud a laghdaigh an t-am is gá chun calaois CBL agus imghabháil CBL a bhrath agus freagairt ina gcoinne agus a d’fheabhsaigh na féidearthachtaí maidir le hanailís riosca. Thairis sin, léiríodh go bhfuil an beart éifeachtach mar bheart coiscitheach, toisc go ndearna sé iompraíocht sheachantach chalaoiseach cáiniocóirí a dhíspreagadh.

Cé nach féidir cainníochtú a dhéanamh ar an méid aisghabhála atá inchurtha go díreach i leith cur chun feidhme ríomhshonrascatha shainordaitheigh, chuir an Iodáil roinnt meastachán ar fáil. Chun a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarmhar nach dtugtar i gcuntas inchurtha go sonrach i leith ríomhshonrascatha, rinne an Iodáil micreachineál anailíse. Tríd an anailís a theorannú do roinnt earnálacha eacnamaíocha a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo, cuireadh painéal cáiniocóirí le chéile d’fhonn comparáid a dhéanamh idir a n-iompraíocht tuairiscithe roimh thabhairt isteach ríomhshonrascatha agus ina dhiaidh. Le cur chuige

¹ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

² IO L 99, 19.4.2018, lch. 14.

³ IO C 261, 9.8.2017, lch. 46.

⁴ IO L 454, 17.12.2021, lch. 1.

eacnaiméadrach, bunaithe ar chomhpháirt ‘gnólacht le tomhaltóir’ d’idirbhearta gníomhacha a úsáid mar thoimhde fhrithfhíorasach, bhíothas in ann nasc cúisíoch a shuí idir an méadú ar ioncam CBL agus tabhairt isteach ríomhshonrasctha shainordaithigh. Agus torthaí na hanailíse frithfhíorasai á n-eachtarshuí chuig cruinne na gcáiníocóirí, tagtar ar chonclúidí nach bhfuil an-difriúil ó na conclúidí a fhaightear tríd an modheolaíocht tháblach. Meastar gur idir EUR 1,7 agus 2,0 billiún an t-ioncam iarmharach deimhneach a fhabhraíonn as CBL, nach dtugtar i gcuntas leis an timthriall eacnamaíoch.

Thairis sin, cé go ndearna *Agenzia delle Entrate* calaois agus creidmheasanna CBL bréagacha arbh fhiú beagnach EUR 1 bhilliún a bhrath agus a bhlocáil in 2019, arb í an chéad bhliain de chur i bhfeidhm an bhirt, a bhuí le rialuithe tráthúla ar shonraí sonraisc, tháinig méadú ar an bhfigiúr go EUR 9 mbilliún in 2022.

Maidir le comhlíonadh cánach a shimpliú, le cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh cuireadh ar a chumas don údarás fioscach na nithe seo a leanas a chur ar fáil do cháiníocóirí: taifid cheannaigh agus díolacháin réamhlíonta, sceidealú na socraíochta CBL tréimhsiúla, tuairisceáin CBL bhliantúla réamhlíonta agus foirmeacha íocaíochta réamhlíonta ina bhfuil na cánacha atá le híoc, le fritháireamh nó le héileamh ar aisíocaíocht (i gcás ina dtugtar tosaíocht do na cáiníocóirí a úsáideann ríomhshonrascadh). Le ríomhshonrascadh, bhíothas in ann deireadh a chur le roinnt oibleagáidí, mar shampla sonraí sonraisc maidir le hidirbhearta intíre a thuairisciú, deimhnithe Intrastat maidir le ceannacháin a chomhdú, an oibleagáid sonraí a sholáthar maidir le conarthaí a rinne cuideachtaí léasaithe, cíosa agus fruilithe agus an oibleagáid idirbhearta agus an oibleagáid idirbhearta a bhaineann le soláthairtí earraí ó Phoblacht San Mairíne go dtí an Iodáil a thuairisciú.

Ón 10 Feabhra 2023 ar aghaidh, chuir *Agenzia delle Entrate* an chéad tuairisceán bliantúil CBL réamhlíonta ar fáil, a thagraíonn d’idirbhearta a rinneadh in 2022, do na daoine inchánacha uile a chumhdaítear leis an scéim (thart ar 2,3 milliún), agus, chomh maith le bheith in ann an tuairisceán a fheiceáil, a leasú, a fhorlíonadh agus a sheoladh trí fheidhmchlár bogearraí speisialta, agus an CBL atá dlite a íoc is féidir leo na sonraí a íoslódáil agus iad a chur i gcomparáid leo siúd ina bhfeidhmchlár bogearraí féin.

Cuireadh feidhmiúlachtaí eile ar fáil le déanaí lenar féidir idirghníomhaíocht a dhéanamh le córais bainistíochta oibreoirí nó a n-idirghabhálaithe agus, dá bhrí sin, cumasaítear íoslódáil sonraí réamhlíonta agus malartú faisnéise atá úsáideach chun na hiontrálacha sna cláir agus an fhaisnéis atá le tuairisciú sna foirmeacha tuairisceán a chomhlánú ar bhealach láithreach agus ollmhór.

An tráth céanna, tá seirbhís ar líne á cur ar fáil ag *Agenzia delle Entrate* lena gcuirtear ar chumas daoine inchánacha an dleacht a thaispeántar ar shonraisc díolacháin atá faoi réir tobhach den sórt sin a sheiceáil, a leasú más gá, agus a íoc go huathoibríoch.

De réir na hIodáile, soláthraíodh tairbhí eile le cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh, toisc gur simplíodh an próiseas sonrasctha, le haghaidh eisitheoirí agus faighteoirí araon, agus éascaíodh leis forbairt seirbhísí gaolmhara lenar féidir faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht ghnó i bhfíor-am, agus bainistiú sreafa airgid san áireamh, mar shampla. Thairis sin, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, is léir gur mór an chabhair iad na sonraí ón ríomhshonrascadh shainordaitheach chun anailís a dhéanamh ar na hathruithe sa gheilleagar a bhaineann leis an ngéarchéim sláinte agus chun na bearta tacaíochta is iomchuí a chur i bhfeidhm.

Tá feidhm ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 go dtí an 31 Nollaig 2024 agus is é sin an fáth go bhfuil iarrtha ag Poblacht na hIodáile leanúint den mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL chun bheith in ann leanúint de ríomhshonrascadh sainordaitheach a fhorchur.

Mar sin féin, tá togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach⁵ (an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach) á phlé sa Chomhairle faoi láthair. Leis an Treoir sin, leasófar Airteagal 218 agus scriosfar Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL. Leis an athchóiriú sin, a luaithe a ghlacfar é, beidh na Ballstáit in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ón Treoir maidir le CBL chun na córais sin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, níor cheart síneadh a chur leis an údarú lena gceadaítear don Iodáil leanúint de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 ach amháin ar feadh na tréimhse is gá go dtí go dtiocfaidh an t-athchóiriú sin i bhfeidhm.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an údarú go dtí an 31 Nollaig 2025. I bhfianaise na tréimhse giorra dá dtugtar an síneadh sin, i gcás inar gá don Iodáil síneadh breise a chur leis an údarú sin, níor cheart aon tuarascáil a bheith ag teastáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, cuirtear sonraisc pháipéir agus ríomhshonraisc ar comhchéim trí fhoráil a dhéanamh go nglacfaidh na Ballstáit le doiciméid nó le teachtaireachtaí ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach mar shonraisc. De réir Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL, beidh úsáid ríomhshonraisc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Go deimhin, tá an ríomhshonrascadh sainordaitheach a chuir an Iodáil i bhfeidhm ina mhaolú ar an dá fhoráil sin.

Is féidir an maolú a údarú bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL chun an nós imeachta um bhailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. Ós rud é gur rannchuidigh an beart maolaithe le calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac chomh maith leis an mbailiú cánach a shimpliú, bunaithe ar na gnéithe a sholáthair an Iodáil, tá an maolú comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana.

Tá an maolú le haghaidh ríomhshonrascadh sainordaitheach i gcomhréir freisin leis an Moladh ón gComhairle⁶ maidir le Clár Náisiúnta 2017 na hIodáile um Athchóiriú ina moltar *'go ngníomhóidh an Iodáil in 2017 agus 2018 chun, inter alia, úsáid shainordaitheach ríomhshonrasctha agus na n-locáíochtaí a leathnú'*.

Údaruithe comhchosúla lenar ceadaíodh don Fhrainc, don Pholainn, don Ghearmáin agus don Rómáin maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL d'fhonn ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, deonaíodh na húdairithe sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/133 ón gComhairle⁷, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1003 ón gComhairle⁸, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1551 ón gComhairle⁹ agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1553 ón gComhairle¹⁰.

⁵ COM/2022/701 final.

⁶ IO C 261, 9.8.2017, lch. 46.

⁷ IO L 20, 31.1.2022, lch. 272.

⁸ IO L 168, 27.6.2022, lch. 81.

⁹ IO L 188, 27.7.2023, lch. 42.

¹⁰ IO L 188, 27.7.2023, lch. 48.

In 2020, ghlac an Coimisiún an *‘Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Plean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh’*¹¹. Is é ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa phlean gníomhaíochta sin go nglacfaidh an Coimisiún togra reachtach arb é is aidhm dó oibleagáidí maidir le tuairisciú CBL a nuachóiriú. Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta, leis an togra sin, i measc nithe eile, ba cheart cuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar na sásraí tuairiscithe is féidir a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta intíre. Déantar scrúdú freisin ar an ngá ríomhshonrascadh a leathnú a thuilleadh sa chomhthéacs sin.

Mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta sin, an 8 Nollaig 2022 ghlac an Coimisiún an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach, togra atá á phlé sa Chomhairle. Leis an Treoir sin, leasófar Airteagal 218 agus scriosfar Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL. Leis an athchóiriú sin, a luaithe a ghlacfar é, beidh na Ballstáit in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ón Treoir maidir le CBL chun na córais sin a chur chun feidhme. Ar an gcúis sin, a luaithe a dhéanfaidh na Ballstáit an togra sin le haghaidh Treorach a thrasú, ní bheadh aon éifeacht úsáideach ag an gCinneadh sin ón gComhairle a thuilleadh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, ní bhaineann prionsabal na coimhdeachta le hábhar.

• Comhréireacht

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

Cuireadh an ríomhshonrascadh sainordaitheach chun feidhme go rianúil, gan aon fhadhb ar leith a chruthú. De réir na faisnéise a chuir an Iodáil isteach, leis an gcur chun feidhme sin, rannchuidíodh le baint amach na gcuspóirí a bhí á saothrú maidir leis an gcomhrac i gcoinne calaois CBL agus imghabháil CBL, agus bailiú cánach á shimpliú an tráth céanna.

Le raon feidhme an bhirt, cumhdaítear na hidirbhearta uile a dhéantar laistigh de chríoch na hIodáile idir daoine inchánacha atá bunaithe san Iodáil. Dá bhrí sin, eisiatar idirbhearta laistigh den Chomhphobal ó raon feidhme an bhirt, mar a luaitear in aithris 7 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593. Thairis sin, daoine inchánacha atá cláraithe san Iodáil ach nach bhfuil bunaithe laistigh dá críoch, eisiatar na daoine sin ó raon feidhme an bhirt freisin, agus mar sin níl na hidirbhearta ina ndéanann siad idirghabháil faoi réir ríomhshonrascadh sainordaitheach.

Tríd an raon feidhme a leathnú chun daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine le haghaidh FBManna a chumhdach, measann an Iodáil go rabhtas in ann an córas a chomhlánú agus neamhréireachtaí agus bearnaí faisnéise a sheachaint, agus feabhas á chur san am céanna ar an idirphlé idir fiontair bheaga agus údarais fhioscacha, chomh maith lena gcumas digiteach agus a n-iomaíochas a fheabhsú. Na hualaí a bhí ann mar gheall ar thabhairt isteach na hoibleagáide, rinneadh iad a mhaolú leis an tacaíocht a chuir *Agenzia delle Entrate* ar fáil i

¹¹ https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2020-07/2020_tax_package_tax_action_plan_en.pdf

dtéarmaí seirbhísí saor in aisce chun ríomhshonraisc a ghiniúint, a tharchur, a fháil agus a stóráil go digiteach.

Go deimhin, chuir Gníomhaireacht Ioncaim na hIodáile réitigh éagsúla ar fáil, saor in aisce, amhail pacáiste bogearraí le haghaidh suiteáil ar ríomhairí nó feidhmchlár le haghaidh gairis mhóibíleacha, lenar féidir leis na cáiniocóirí ríomhshonraisc a ullmhú agus a aistriú go héasca. Leis na bearta sin, laghdaítear na costais reatha a bhíonn ar na cuideachtaí sin i leith sonraisc a eisiúint agus a phróiseáil, amhail costais phriontála nó chartlannaithe agus, san am céanna, laghdaítear an riosca go ndéanfar botúin.

Thairis sin, leis an ríomhshonrascadh sainordaitheach, bhí Gníomhaireacht Ioncaim na hIodáile in ann seirbhísí éagsúla ar líne a chur ar fáil do cháiniocóirí. Ina theannta sin, cuireadh deireadh le roinnt oibleagáidí tuairiscithe mar gheall ar chur chun feidhme an ríomhshonrascatha shainordaitheach.

Tá teorainn ama leis an maolú freisin go dtí go gcuirfidh rialacha comhchuibhithe ar chumas na mBallstát ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an imghabháil cánach a chomhrac agus an bailiú cánach a shimpliú.

- **An rogha ionstraim**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

D'iarr an Iodáil údarú chun leanúint de ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur i bhfeidhm maidir le gach sonrasc a eisíonn daoine atá bunaithe ar chríoch na hIodáile chuig daoine inchánacha eile nó chuig tomhaltóirí deiridh. Chomh maith leis sin, ba cheart sonraisc shimplithe, doiciméid a eisiatar bunaithe ar Airteagal 219 den Treoir maidir le CBL agus sonraisc a bhaineann le hidirbhearta díolmhaithe a bheith faoin ríomhshonrascadh sainordaitheach freisin. Féadfaidh daoine inchánacha neamhbhunaithe a roghnú a sonraisc a tharchur tríd an SdI.

Rinne daoine inchánacha a gcórais a chur in oiriúint cheana féin chun ceanglais an ríomhshonrascatha shainordaitheach a chomhlíonadh. Mura gcuirfí síneadh leis an údarú, thabharfaí le tuiscint gur costais bháite le haghaidh daoine inchánacha a bheadh sna costais a thabhaítear as oiriúnú den sórt sin, agus is dócha go mbeadh orthu costais bhreise a thabhu a bhaineann leis an oiriúnú do chóras tuairiscithe nua a d'fhéadfaí a chur chun feidhme in ionad ríomhshonrascatha shainordaitheach.

De réir na hIodáile, tá torthaí éifeachtacha bainte amach ag an ríomhshonrascadh sa chomhrac i gcoinne calaois chánach mar gheall ar chuimsitheacht, tráthúlacht agus inrianaitheacht níos fearr na faisnéise. Bhí éifeacht choisctheach ag an mbeart, mar dhíspreagadh ar iompraíocht sheachantach chalaoiseach cáiniocóirí. Trí shonraisc a sheoladh tríd an SdI, soláthraíodh

rochtain thráthúil agus uathoibrithe do *Agenzia delle Entrate* ar aon fhaisnéis sonraisc atá ábhartha chun críoch cánach. Tríd an mbeart a leathnú chuig daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine le haghaidh FBManna, bhíothas in ann an córas a chomhlánú, agus neamhréireachtaí agus bearnaí faisnéise a sheachaint. Mar thoradh air sin, is féidir le húdaráis fhioscacha seiceálacha tráthúla uathoibrithe a dhéanamh ar an gcomhsheasmhacht idir an CBL a dearbhaíodh agus an CBL a íocadh.

De réir na sonraí a chuir an Iodáil isteach, is féidir an t-ioncam iarmharach deimhneach a fhabhraíonn as CBL, nach dtugtar i gcuntas leis an timthriall eacnamaíoch, a mheas idir EUR 1,7 agus 2,0 billiún. Thairis sin, cé go ndearna *Agenzia delle Entrate* calaois agus creidmheasanna CBL bréagacha arbh fhiú beagnach EUR 1 bhilliún a bhrath agus a bhlocáil in 2019, arb í an chéad bhliain de chur i bhfeidhm an bhirt, a bhuí le rialuithe tráthúla ar shonraí sonraisc, tháinig méadú ar an bhfígiúr go EUR 9 mbilliún in 2022.

A bhuí le sonraí ríomhshonrasctha, tá seirbhísí éagsúla á gcur ar fáil ag *Agenzia delle Entrate* do cháiníocóirí, amhail taifid cheannaigh agus díolacháin réamhlíonta, cumarsáid réamhlíonta um shocraíochtaí CBL tréimhsiúla, tuairisceán CBL bliantúil réamhlíonta agus an sceideal ábhartha ríomhanna a rinneadh ag gabháil leis, agus foirmeacha íocaíochta réamhlíonta ina bhfuil na cánacha atá le híoc, le fritháireamh nó le héileamh ar aisíocaíocht.

Thairis sin, le tabhairt isteach an ríomhshonrasctha, bhíothas in ann roinnt oibleagáidí a bhaint, agus roinnt oibleagáidí nach dtagann go docht faoi réimse CBL san áireamh, mar shampla sonraí sonraisc maidir le hidirbhearta intíre a thuairisciú, deimhnithe staidrimh Intrastat maidir le ceannacháin a chomhdú, an oibleagáid sonraí a sholáthar maidir le conarthaí a rinne cuideachtaí léasaithe, cíosa agus fruilithe agus an oibleagáid idirbhearta agus an oibleagáid idirbhearta a bhaineann le soláthairtí earraí ó Phoblacht San Mairíne go dtí an Iodáil a thuairisciú.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar i gceist leis an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle lena n-údaráítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha¹, agus go háirithe d’Airteagal 395(1) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle², údaráíodh don Iodáil go dtí an 31 Nollaig 2021 beart a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE (‘an beart speisialta’) chun ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur i bhfeidhm le haghaidh na ndaoine inchánacha uile atá bunaithe i gcríoch na hIodáile, seachas le haghaidh daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine le haghaidh fiontair bheaga dá dtagraítear in Airteagal 282 den Treoir sin.
- (2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2251 ón gComhairle³, údaráíodh don Iodáil an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024 agus leathnaíodh a raon feidhme chun go n-áireofaí daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine le haghaidh fiontair bheaga dá dtagraítear in Airteagal 282 den Treoir maidir le CBL.
- (3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 11 Aibreán 2024, d’iarr an Iodáil údarú chun leanúint den mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE d’fhonn leanúint de ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur i bhfeidhm.
- (4) Le litreacha dar dáta an 12 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoin iarraidh a rinne an Iodáil. Le litir dar dáta an 13 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún in iúl don Iodáil go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.
- (5) Maidir leis an gcóras ríomhshonrascatha shainordaitheach a cuireadh chun feidhme, lena seoltar gach sonrasc eisithe tríd an gcóras ‘*Sistema di Interscambio*’ arna bhainistiú ag Údarás Fioscach na hIodáile, áitíonn an Iodáil go bhfuil cuspóirí an bhirt bainte amach go hiomlán, is iad sin calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac, comhlíonadh cánach a shimpliú agus bailiú cánach a dhéanamh níos éifeachtúla, agus ar an gcaoi sin costais riaracháin a laghdú le haghaidh gnólachtaí.

¹ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

² IO L 99, 19.4.2018, lch. 14.

³ IO L 454, 17.12.2021, lch. 1.

- (6) An 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach⁴ (CBL sa ré dhigiteach). Molann an Coimisiún go leasófaí Airteagal 218 agus go scriosfaí Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go nglacfaí Treoir lena leasaítear na hAirteagail sin, Treoir lena gceadófaí do na Ballstáit ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, agus lena gcuirfí deireadh leis an ngá maoluithe breise ar Threoir 2006/112/CE a iarraidh. Dá bhrí sin, ón dáta a cheanglófaí ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir lena leasaítear na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm, ba cheart don Chinneadh seo scor d'fheidhm a bheith aige.
- (7) I gcomhréir leis an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle maidir leis an bplé ar an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach, tá sé inmholta síneadh a chur leis an mbeart speisialta ar feadh na tréimhse is gá, agus ar feadh na tréimhse sin amháin, chun leanúnachas an chórais ríomhshonrasctha shainordaitheach atá ann faoi láthair a ráthú go dtí go dtiocfaidh an leasú ar Threoir 2006/112/CE a bhaineann le hAirteagail 218 agus 232 i bhfeidhm. Más gá síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta mar gheall ar leanúnachas an chórais sin, dhéanfaí an síneadh sin a dheonú, de réir mar is iomchuí, arna iarraidh sin ar feadh tréimhse bhreise.
- (8) Leis an mbeart speisialta, níor cheart go ndéanfaí difear do cheart na gcustaiméirí sonraisc pháipéir a fháil i gcás idirbhearta laistigh den Chomhphobal.
- (9) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais deiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 a leasú dá réir, TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an dáta is luaithe den dá dháta seo a leanas:

- (a) an 31 Nollaig 2025; nó
- (b) an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, go háirithe Airteagail 218 agus 232 den Treoir sin.’

⁴ COM/2022/701 final.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán